Ionad Nua i gCorcaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ionad nua a d'oscail inné. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh brí na bhfocal seo leis an duine in aice leat. Tabhair buille faoi thuairim mura bhfuil sibh cinnte:

Trádáil
Fiontar
Fostaíocht
Spáseolaíocht
Réadlann
Taighde
Idirghníomaíocht
Feachtas
Teachtaireacht
Spás-árthach

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil suim agat san eolaíocht go ginearálta?
An bhfuil suim agat sa spáseolaíocht?
Dá mbeadh go leor airgid agat an rachfá ar thuras go dtí an ghealach?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad iad an dá dhream atá taobh thiar den togra?

2. Cá bhfuil an t-ionad seo?

3. Cad atá le rá ag na daoine áirithe seo?

   Diarmaid Mac Mathúna
   Patricia Ní Éigeartaigh
   Mícheál Martin

4. Cén t-eolas atá sa mhír faoin spás-árthach *Discovery*?

Ceist 4 Sa chaint deirtear '*ana-thábhachtach*' go minic ach cad a scríobhtar i gcónaí?

Déan plé leis an duine in aice leat faoi na rialacha a bhaineann leis seo. Cuir **an-** roimh na focail seo:

maith

sásta
oiriúnach
te
gnóthach
fada
olc
dathúil

Ceist 5 '…*ar bord* an athraigh faoi láthair tá. . .'

Ach bíonn séimhiú tar éis *ar* de ghnáth (ar Phól, ar bhord). Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar *bord* sa chás seo? Mura bhfuil tú cinnte cabhróidh an teagascóir leat.

Anois déan féin agus an duine in aice leat iarracht na cinn seo a dhéanamh:

1. ar (cathaoir) _____
2. ar (bís) _____
3. ar (mire) _____
4. ar (mála) _____
5. ar (meisce) _____
6. ar (Siobhán) _____
7. ar (cíos) _____
8. ar (siúl) _____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Trádáil	Trade
Fiontar	Enterprise
Fostaíocht	employment
Spáseolaíocht	Astronomy
Réadlann	Observatory
Taighde	Research
Idirghníomaíocht	Interactive
Feachtas	Campaign
Teachtaireacht	Message
Spás-árthach	Space ship

Ceist 2

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3

1. An Institiúid Theicneolaíochta Chorcaí agus Comhairle na Cathrach
2. I gcaisleán ársa na Carraige Duibhe, Corcaigh
3. **Diarmaid Mac Mathúna**: Níl aon áit cosúil leis seo in Éirinn faoi láthair, is ionad den scoth atá ann agus an rud an-speisialta faoin áit ná go bhfuil taighde ar bun anseo agus go bhfuil saghas 'out reach activities' ar bun freisin.
Patricia Ní Éigeartaigh: Ansin laistiar díom tá ríomhaire agus is féidir leat réalt a roghnú agus teachtaireacht a scríobh agus a sheoladh leis an radaiteileascóp go spás, go dtí an réalt a roghnaíonn tú, tá sé ar fheabhas.
Mícheál Martin: Ní raibh a fhios agam go dtí gur tháinig mé ar maidin cé chomh nua-aimseartha is atá gach rud anseo agus an taighde atá ana-thábhachtach agus is é ionad taighde chomh maith é agus tá an Istitiúid Theicneolaíochta i gCorcaigh páirteach anseo agus tá siad freagrach as bainistíocht an Ionaid.
4. Le linn na hoscailte inniu chomh maith taispeánadh pictiúr ón spás-stáisiún idirnáisiúnta i Meiriceá Thuaidh agus don spás-árthach *Discovery*, ar bord an árthaigh faoi láthair tá Dan Tanney, fear atá pósta le Jan Egan a saolaíodh agus tógadh i ngiorracht scread asail don gcaisleán ina bhfuil an t-ionad anois lonnaithe.

Ceist 4
'An-tábhachtach' a scríóbhtar i gcónaí.

1. An- a bhíonn ann i gcónaí le fleiscín.
2. Cuirtear séimhiú ar chonsan ach amháin nuair a bhíonn na *dentals* i gceist – ní chuirtear séimhiú ar d,t,l,s,n i ndiaidh d,t,l,s,n.
3. Ní bhíonn arthrú ar bith ar ghuta.

An-mhaith
An-sásta
An-oiriúnach
An-te
An-ghnóthach

An-fhada
An-olc
An-dathúil

Ceist 5
Leanann séimhiú an réamhfhocal *ar* más ionad cinnte atá i gceist i.e: ar b**h**ord, ar c**h**athaoir, ar S**h**eán. Ní bhíonn séimhiú ann más staid, suíomh nó am atá i gceist i.e:
ar ball, ar maidin, ar muir, ar tír, ar meisce

ar chathaoir
ar bís
ar mire
ar mhála
ar meisce
ar Shiobhán
ar cíos
ar siúl*

*ar siúl (más *on a walk/away* atá i gceist bíonn séimhiú ann i.e. tá Seán imithe *ar shiúl* ach más *happening*, *on* atá i gceist ní bhíonn séimhiú ann i.e. tá clár maith *ar siúl* anocht).

Eimear Ní Chonaola
D'oscail an tAire Trádála, Fiontair agus Fostaíochta, Mícheál Martin an chéad ionad spáseolaíochta agus réadlann i gCorcaigh inniu agus tá áiseanna taighde, taispeántais agus idirghníomhaíochta ar fáil ann. Chosain an t-ionad nua seacht ponc cúig milliún euro agus is iad Institiúid Theicneolaíochta Chorcaí agus Comhairle na Cathrach atá taobh thiar den togra. Seo é Barraí Mescall.

Barraí Mescall
Is i gcaisleán ársa na Carraige Duibhe atá an t-ionad spáseolaíochta nua lonnaithe, úsáid bhreá mar chuid den bhfeachtas atá ar siúl le cúpla bliain anuas ag an rialtas chun daoine a mhealladh go hábhair eolaíochta.

Diarmaid Mac Mathúna
Níl aon áit cosúil leis seo in Éirinn faoi láthair, is ionad den scoth atá ann agus an rud an-speisialta faoin áit ná go bhfuil taighde ar bun anseo agus go bhfuil saghas 'out reach activities' ar bun freisin.

Patricia Ní Éigeartaigh
Ansin laistiar díom tá ríomhaire agus is féidir leat réalt a roghnú agus teachtaireacht a scríobh agus a sheoladh* leis an radaiteileascóp go spás, go dtí an réalt a roghnaíonn tú, tá sé ar fheabhas.

Barraí Mescall
Tar éis don Aire Martin teachtaireacht a sheoladh go réalt éigin sa chosmas thug sé ardmholadh do Chomhairle na Cathrach agus don Institiúid Theicneolaíochta araon.

Mícheál Martin, TD
Ní raibh a fhios agam go dtí gur tháinig mé ar maidin cé chomh nua-aimseartha is atá gach rud anseo agus an taighde atá ana-thábhachtach agus is é ionad taighde chomh maith é agus tá an Istitiúid Theicneolaíochta i gCorcaigh páirteach anseo agus tá siad freagrach as bainistíocht an Ionaid**.

Barraí Mescall
Le linn na hoscailte inniu chomh maith taispeánadh pictiúr ón spás-stáisiún idirnáisiúnta i Meiriceá Thuaidh agus don spás-árthach *Discovery*, ar bord an árthaigh faoi láthair tá Dan Tanney, fear atá pósta le Jane Egan a saolaíodh agus tógadh i ngiorracht scread asail don gcaisleán ina bhfuil an t-ionad anois lonnaithe.

Mar sin, an chéad ionad spáseolaíochta sa tír oscailte ina bhfuil taighde, taispeántais agus idirghníomhaíocht ar na háiseanna éagsúla ar fáil ann. Is fiú go mór cúpla uair a chloig a chaitheamh ann ar do shuaimhneas.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, as Caisleán na Carraige Duibhe, Corcaigh.

**a seoladh* a deirtear
***an t-ionad* a deirtear